

AN SGÉALOIDHE

Bhí teach agus gabhaltas beag talmhan i Roisín a'tSamha ag athair Phádraic Mhic Dhonnchadha (Pat Willy). Bhí an saoghal go dona san am a raibh Pádraic ina pháiste trí mbliain. Bhíothas ag cur daoine go Meireacá in aisge, daoine a bhí toileamhail ar dhul ann. Dhíol Liam Mac Donnchadha a rabh aige i Roisín a'tSamha, chuir sé cuid dá chlann inghean i sgoil do dhílleachtaí sa gClochán agus d'imthigh sé go Meireacá ar an imirce íoctha. Thug sé in éinfheacht leis a bhean, aon inghean amháin agus Pádraic. Chuadar go Pittsburg agus chomhnuigheadar annsin dhá bhliain go leith.

Tháinigeadar abhaile aríst. Badh é an tsiocair a bhí ag an athair Meireacá a fhágáil, bhuail an ghrían é. Nuair a tháinigeadar abhaile chuireadar fútha i dtigh le dreatháir dóibh i Roisín a'tSamha. Ní raibh aon talamh aca ach ag íoc conacra de réir na bliana nó go raibh Liam caillte agus Pádraic ina stócach maith. Bhí cuid den Choillín ina chommon san am. D'éirigh máthair Phádraic agus é féin amach lá agus chruinnigheadar coghnámh gur thógadar teach ar cholbha an chommon sa gCoillín. Bhí an t-agent, Robinson, as baile agus níorbh fhéidir an dlighe a chur ortha go dteagadh sé ar ais.

Nuair a tháinig Robinson abhaile hinnsigheadh dó. Labhair Máirtín Ó Loideáin leis agus sgríobh na sagairt chuige ag iarraidh air gabhaltas a thabhairt do mháthair Phádraic. Cé go mba Protastúnach a bhí ann bhí géilleadh mór do na sagairt aige. Tháinig sé go dtí an Coillín agus chonaic sé an teach. D'fág sé an bhaintreabhach ann agus leag sé punt cíosa uirthé.

Bhí an teach beag céadhna ag Pádraic gur chuir sé ceann slinne uirthé anuraidh agus tá sé anois ina theach daingean. Tá sé tógtha ar an leic. Tá leac mhór gan fód uirthé ón dorus fiche slat amach go dtí an bóthar. Thíos faoi'n teach ar a' taobh thiar dtuaidh atá an gabhaltas beag. Droch-thalamh ach go bhfuil sé glanta, saothruighthe aige. Creidim go bhfuil acra fataí curtha aige an samhradh seo. Ní bhíonn féarach a dhóthain aige agus tá garrdhanta ceannuighthe aige le haghaidh na bó san Aird.

Bhí Pádraic a'dul ar sgoil go raibh sé dhá bhliain déag d'aois. Ní rabh máighistir ariamh aige a rabh Gaedhilg aige. Ní rabh máighistir Gaedhilge i sgoil na hAirde go dtáinig an Puirsealach atá anois i mBéal an Chláir an fear a bhí san Aird roimh Sheán Ó Concubhair. Tá cáil na beirte i bhfad le Gaedhilge. Is iomdha buachaill agus cailín atá curtha 'un coláiste ag Ó Conchubhair.

Sé fearacht na nGaedhal uile é ag muinntir Phádraic. Tá sgaipeadh ortha, cuid aca i Meireacá. Tá dreifiúr a bhí i Meireacá pósta i dTír Eoghain, agus í go maith sa saoghal. Tá Pádraic ar an gCoillín, inghean leis i Meireacá, inghean eile ina cailín aimsire ag máighistir sgoile i gCo. Mhonacháin. Tá páistí óga aige a dul ar sgoil fós.